
CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH
CLÁR NA SAMHNA 2021
ceol na Sióg
SAMHAIN PROGRAMME 2021
MEÁN FÓMHAIR – NOLLAIG 2021
SEPTEMBER – DECEMBER 2021
zoom
You Tube

# Focal ón Stiúrthóir

## Word from the Director

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine agus i ndiaidh dúinn tréimhse fhada a chaitheamh scoite amach óna chéile, tá clár curtha le chéile ag ár bhfoireann imeachtaí a bhfuil an chomhpháirtíocht agus an cairdeas go smior ann.

Beidh taispeántais ealaíne againn i gcomhar lenár bpríomh-mhaoinitheoir, an Chomhairle Ealaíon, agus le Coláiste Feirste. Is faoi dhíon na Cultúrlainne a bunaíodh an scoil 30 bliain ó shin agus táimid iontach sásta go mbeidh saothar na ndaltaí le feiceáil ar bhallaí Dhánlann Dillon agus ar Na Ballaí Bána.

Táimid as cuimse bródúil gur thograigh an foilsitheoir Éabhlóid as Gaoth Dobhair an díolaim nua gearrscéalta le scríbhneoirí Ultacha éagsúla, 'Bláth na dTulach', a sheoladh anseo sa Chultúrlann. Beidh léiriú litríochta againn fosta mar chuid d'Fhéile Idirnáisiúnta Ealaíon Bhéal Feirste.



Tá neart againn do theaghlaigh agus do pháistí an séasúr seo, go háirithe aimsir na Samhna nuair a bheas ceardlann ealaíne ann le Mr. Ando agus ceolchoirm le Gráinne Holland bunaithe ar a leabhar nua, 'Ceol na Sióg'. Tá Na Bopóga ar ais do thachráin agus beidh réaltaí an ama atá le theacht ag foghlaim a gceirde sa scoil ealaíon s'againn, Aisling Óg. Tiocfaidh eagrais Ghaeilge uile na Ceathrún Gaeltachta le chéile ag Fleadh Feirste le críoch ceolmhar, ealaíonta, liriciúil a chur le 2021. Bí linn!

Given the long period we've all spent apart from one another, our events team has come up with a cracker of a programme that celebrates friendship and enriches us all through partnership.

Our principal funder, the Arts Council, and Coláiste Feirste will both exhibit their collections in the Dillon Gallery and Na Ballaí Bána. The school was founded under our very own roof 30 years ago, and we're delighted the pupils' work will be gracing our walls. For the literature lovers among us, prepare to be spoiled! We are very proud that Gaeltacht publisher Éabhlóid from Gaoth Dobhair has chosen to launch their new short story collection by a host of Ulster writers, 'Bláth na dTulach', in An Chultúrlann. See inside also for more details of the book launches here as part of the Belfast International Arts Festival. We've a rich programme for families, especially around Hallowe'en, with a workshop with illustrator Mr. Ando and fairy music concert with Gráinne Holland based on her new book, 'Ceol na Sióg'. Na Bopóga are back for our toddler friends and the stars of tomorrow will be honing their craft in our youth arts school, Aisling Óg. Fleadh Feirste in December brings together all the Irish language organisations in the Gaeltacht Quarter for a musical, lyrical and joyful end to 2021. Enjoy!

**Gráinne Ní Ghilín**

# Teachtaireacht ónár bPríomh-mhaoinitheoir

## Message from our Principal Funder

De réir mar a leanaimid orainn ag athoscailt ár n-ionaid ealaíon de réir a chéile don phobal, agus ag cur fáilte ar leith roimh na healaíona beo, aghaidh ar aghaidh, is féidir linn bheith ag súil le filleadh ar rud éigin cosúil le 'gnó mar is gnách' sa Chultúrlann. Agus mé ag rá 'gnó mar is gnách', is éard atá i gceist agam ná clár imeachtaí spreagúla, siamsúla na Samhna, lena n-áirítear na nithe seo a leanas: seisiúin cheoil thraidisiúnta bhríomhara; ceolchoirmeacha teaghlaigh le leithéidí an cheoltóra álainn Gráinne Holland; scoil drámaíochta Aisling Óg do pháistí agus do dhaoine óga; seoltaí leabhar; ranganna; agus Aisling Ghéar ag tabhairt ar ais chun stáitse a léiriú iomráiteach den dráma 'Is Iomaí Rud a Tharla'. Ar a bharr sin, sna seachtainí amach romhainn, beidh deis againn sult a bhaint as saothar roinnt de na hamharc-ealaíontóirí is spreagúla atá ag teacht chun cinn i dTuaisceart Éireann, le taispeántas speisialta de shaothair a roghnófar ó bhailiúchán ealaíne na Comhairle Ealaíon. Tá sé in am dúinn an cíocras sin do na healaíona



beo agus d'eispéiris chruthaitheacha chomhroinnte a shásamh i gcuideachta daoine eile!

Mar phríomh-mhaoinitheoir trínár gcistí ón Chrannchur Náisiúnta, tá lúcháir ar an Chomhairle Ealaíon tacú leis an Chultúrlann agus iad ag leanúint orthu ar a n-aistear iontach 30 bliain chun daoine agus pobail a thabhairt níos gaire dá chéile trí shult a bhaint as ealaíona iontacha i gcuideachta a chéile.

As we continue to see our arts venues gradually reopening to the public, and the very welcome return of live, in-person, arts, we can finally look forward to a return to something approaching 'business as usual' at the Cultúrlann. And by 'business as usual', I mean an inspiring and entertaining Samhain programme of lively traditional music sessions, family concerts with the likes of the wonderful Grainne Holland, the resumption of drama school for children and young people, book launches, classes, and Aisling Ghéar bringing their acclaimed production of 'Is Iomaí Rud a Tharla' to the stage. In addition, in the coming weeks, there will be an opportunity to enjoy some of Northern Ireland's most exciting emerging visual artists, with a special exhibition of works selected from the Arts Council's art collection. It's time to satisfy that hunger for live arts and shared creative experiences in the company of others!

As the principal funder through our National Lottery funds, the Arts Council is delighted to support the Cultúrlann as it continues on its remarkable 30-year journey of bringing people and communities closer together through shared enjoyment of great arts.

**Róisín McDonough**

**Príomhfheidhmeannach | Chief Executive**
**Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann | Arts Council of Northern Ireland**




# AN CEATHRÚ PÓILÍ

Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge An Ceathrú Póilí agus muid ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.

**Uaireanta Oscailte :**

**Dé Luain-Dé hAoine | Monday - Friday: 9:30am - 5:30pm**

**Dé Sathairn | Saturday: 9:30am - 4:00pm**

**Dé Domhnaigh | Sunday: Druidte | Closed**

**02890 322811**

**www.anceathrupoili.com**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE




## BIA

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, tá Bia ina chaifé agus ina bhialann do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bí agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde! Bígí linn! Cuir glaoch orainn ar **02890 964184.**

Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiach, Bia is a café restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards! Come and join us!
Call us on **02890 964184.**

### Uaireanta Oscailte:

**Dé Luain-Déardaoin | Monday - Thursday: 9:00am - 5:00pm**
**Dé hAoine | Friday: 9:00am - 8.30pm**
**Dé Sathairn | Saturday: 9:00am - 5:00pm**
**Dé Domhnaigh | Sunday: Druidte | Closed**



## Cumann Óige na bhFál

Bíonn Cumann Óige na bhFál ar siúl i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich gach oíche Luain ó 6:00pm - 8:00pm do pháistí bunscoile (idir rang 4 agus rang 7) agus ó 8:00pm - 10:00pm do dhaltaí meánscoile (ón chéad bhliain ar aghaidh). Bíonn eispéiris iontacha ag daoine óga agus iad ag glacadh páirt in imeachtaí an chumainn, idir chluichí, cheol, dhráma, chláir fhorbartha phearsanta agus a thuilleadh, baineann daoine óga an-sult as an Chumann Óige.

Cumann Óige na bhFál takes place in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich Monday night from 6:00pm - 8:00pm for primary school pupils (between primary 4 and primary 7) and from 8:00pm - 10:00pm for secondary students (from first year on). Young people enjoy taking part in the youth club, with games, music, drama, personal development programmes and trips, young people really enjoy the Cumann Óige.

**Eolas: emma@glornamona.com | 07808619039**




## Aisling Óg

Beidh scoil drámaíochta na Cultúrlainne 'Aisling Óg' ag toiseacht ar ais ó 1:00pm - 3:00pm agus tá muid ar bís! Seo deis iontach le cur le muinín agus le scileanna cumarsáide agus aisteoireachta páistí óga ó Rang 1 ar aghaidh chomh maith le bualadh le cairde nua agus spraoi a bheith acu. Déanann muid gach gné de na healaíona a thaiscéaladh, damhsa, ealaín, ceol agus drámaíocht ina measc, le clár spreagúil bríomhar a chomhlíonadh. Bíonn seó againn ag deireadh an téarma lenár gcuid oibre crua a thaispeáint.

Cultúrlann's Drama School 'Aisling Óg' will start back on ... from 1pm-3pm and we cannot wait! This is a great opportunity for children from Primary 1 and up to build on their confidence, conversational skills and acting abilities all whilst making new friends and having great fun. We explore every aspect of the arts including dance, art, music and drama to fulfil an exciting and engaging programme. We also produce an end of term performance to show off all our hard work.

**18/09/21 - 11/12/21**
**1:00 - 3:00pm**
**£30 | Cláraigh | Register:**
**https://culturlann.ticketsolve.com/shows/**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE




## Na Bopóga le Tríona Ní Bhrádaigh

Ná caill Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo, agus a gcairde go léir lena gcuid scéalta, amhrán agus damhsaí a mbainfidh páistí beaga an-spraoi astu agus iad ag cur lena bhforbairt oideachasúil. Beidh réimse scéalaíochta, puipeadóireachta agus gníomhaíochtaí ealaíne le suim na bpáistí a choinneáil.

Don't miss Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo and all their friends with their stories, songs and dances that small children will enjoy while enhancing their educational development. There will be plenty of storytelling, puppets and art activities to keep the little ones entertained.

**02/10/21 - 11/12/21**
**11:00am - 12:00pm**
**£3 an tseachtain | per week**

# Ceol na Sióg

**Ceardlann Ealaíne le Mr Ando & Ceolchoirm Teaghlaigh le Gráinne Holland & Cairde**

## Ceardlann Ealaíne le Mr Ando

### Art Workshop by Mr Ando



Beidh ceardlann speisialta déanta masc againn leis an mhaisitheoir, Mr Ando bunaithe ar na carachtair sa leabhar draíochtúil, 'Ceol na Sióg', go díreach in am d'Oíche Shamhna agus don cheolchoirm teaghlaigh.

We will have a special mask-making workshop with fantastic illustrator, Mr Ando, based on characters from the magical book, Ceol na Sióg. Just in time for Halloween and family concert.

## Ceolchoirm Teaghlaigh le Gráinne Holland & Cairde

### Family Concert with Gráinne Holland & Friends



Bí linn don cheolchoirm teaghlaigh Oíche Shamhna ina ndéanfar ceiliúradh sa cheol ar áilleacht agus ar iontais an nádúir le Gráinne Holland agus a cairde. Déanfar sibh a mhealladh isteach i ndomhan mhistéirigh an ulchabháin agus é faoileoireacht sa dorchadas ag coimhéad ar an luchóg bheag atá ag bocléim agus ag rith faoi sholas na lánghealaí. Cluinfear fuaim na habhann sa cheol agus leanfaidh muid a turas óna tús mar shruthán beag sléibhe, folcadán na n-éan, agus mar a shníomhann sí ansin fríd an choill, áit a mbíonn bradáin mhóra ina léim le háthas, go dtí go mbuaileann

sí leis an fharraige mhór, áit a mbíonn na corra réisc ocracha ag fanacht le breith ar a lón.
Féach na beacha agus na féileacáin agus iad ag cleitearnach agus ag drantán i measc na mbláthanna agus iad ag cruinniú neachtair; agus na hioraí rua ag bailiú stór de chnónna agus de shíolta ó urlár na coille. Cairde de chuid na sióg iad uilig. Má amharcann tú go cúramach, b'fhéidir go bhfeicfidh tú sióg ag marcaíocht ar dhroim faoileáin os cionn na farraige, nó sióg eile ar dhroim na deilfe agus é ag léim go háthasach sna tonnta móra. Domhan draíochtach an nádúir!

Join us for a beautiful family concert as we celebrate Halloween and the beauty of nature through music with the majestic Gráinne Holland and friends. Enter the magical world of the mysterious owl gliding through the darkness watching the little mouse below leaping and running under the light of the full moon. The singing sound of the river bewitches you as it begins its journey as a mountain stream where the birds bathe, then flows through the forest as the salmon leap for joy in its waters and finally it meets the sea where the herons are waiting to catch their lunch. The bees and butterflies are busy fluttering and buzzing among the flowers below as they collect sweet nectar and the squirrels are darting around beside them gathering nuts and seeds from the forest floor. They are all the friends of the fairies and if you look closely, you might just see a fairy, riding on the back of a seagull as it flies over the sea or on the back of a dolphin as it leaps for joy in the waves below.

*Beidh Gráinne Holland agus Mr Ando ag síniú cóipeanna den leabhar i ndiaidh na ceolchoirme | Gráinne Holland and Mr Ando will be signing books after the concert.

**Tá fáilte mhór roimh na páistí (agus roimh na daoine fásta!) gléasadh suas don imeacht speisialta seo | Children (and adults) are very welcome to dress up for this special event.

**30/10/21**
**2:00pm - Ceardlann Ealaíne le Mr Ando**
**3:00pm - Ceolchoirm Teaghlaigh le Gráinne Holland & cairde**
**£5**
**Cláraigh | Register:**
**https://culturlann.ticketsolve.com/shows/**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



## Coirnéal an Cheoil

### The Music Corner

Tá muid ar bís go bhfuil ceol beo ar ais arís, bí linn achan Satharn nuair a sheinnfear scoth an cheoil thraidisiúnta ó réimse cheoltóirí sa chaife gach Satharn.

Live music is back and we are delighted, join us in the cafe every Saturday for the best of traditional music with fantastic traditional musicians.

**Gach Satharn | Every Saturday**
**12:00 - 2:00pm**




## Oíche Síol

Oíche ar leith shiamsaíochta arna cur i láthair ag Máire Dhubh. Bíonn scoth an cheoil, na cuideachta agus na nduaiseanna deasa ag Oíche Síol. Cuirtear fáilte roimh gach duine amhrán nó scéal a rá, nó cúpla port a bhualadh. Téann gach fáltas ón oíche chuig an iliomad carthanachtaí a dtugann Síol tacaíocht dóibh. Crannchur ar an oíche do chách a cheannaíonn ticéad.

A special night of entertainment presented by Máire Dubh and friends. Oíche Síol is always a great night of music, company and nice prizes to win on the night. We welcome anyone who wants to sing a few songs, play a few tunes or tell a story on the night. All proceeds raised go to the many good causes that Síol supports. Free entry into prize draw with every ticket purchased.

**25/09/21**
**8:00pm**
**Fáilte roimh shíntúis | Donations welcome**



# Aisling Ghéar presents

## 'Is Iomaí Rud a Tharla – the story of the Shaw's Gaeltacht' by Nuala Ní Neill

Tá Aisling Ghéar ag tabhairt ar ais chun stáitse stáitse a léiriú den dráma "Is Iomaí Rud a Tharla – the story of the Shaw's Road Gaeltacht' a léiríodh don chéad uair i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich agus ag Turas i Misean Bhéal Feirste Thóir in 2019.

Deir Bainisteoir Ginearálta Aisling Ghéar, Carrie Anne McAlonan Mc Crudden, "Tá muid iontach bródúil as an seó seo. Freagracht ollmhór ba é léiriú ceart a dhéanamh ar an réabhlóid shóisialta fíorthábhachtach seo a thit amach i gcathair Bhéal Feirste. Castar fíor-laochra na chéad Ghaeltachta uirbí in Éirinn orainn chóir a bheith gach lá. Mar sin de, níl brú ar bith orainn!"

Leanann an scéal inspioráideach seo lánúin óg amháin agus iad ag titim i ngrá, ag pósadh agus ag cur tús lena n-aisling a muirín a thógáil le Gaeilge agus iad mar bhaill de Ghaeltacht Bhóthar Seoighe.

Is scéal domhanda é Is Iomaí Rud a Tharla a léiríonn go dtig le "gnáth"dhaoine tabhairt faoi rudaí neamhghnácha agus iad a bhaint amach. R McMillen, Irish News.



Aisling Ghéar
COMPÁNTAS AMHARCLAINNE

Aisling Ghéar are reviving their production of 'Is Iomaí Rud a Tharla – the story of the Shaw's Road Gaeltacht', first performed in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich and for Turas at the East Belfast Mission in 2019.  'We're particularly proud of this show, says Carrie Anne McAlonan-McCrudden, General Manager, it was an enormous responsibility to capture such an important 'social revolution' in the city of Belfast. We see the real-life heroes of Ireland's first urban Gaeltacht almost every day, so no pressure!'

This inspirational story follows one young couple as they fall in love, marry and begin their dream of raising their
family through Irish and becoming part of the Shaw's Road Gaeltacht.

Is Iomaí Rud a Tharla is a universal story of how "ordinary" people can and do achieve extraordinary things. R McMillen Irish News.

***Is seó dátheangach é seo le fotheidil i mBéarla | This is a bi-lingual show with English subtitles**
****1hr 05 mins Gan sos | No Interval**

**04/10/21**

**www.aislingghear.com**

**BRÚIGH ANSEO**
**CLICK HERE**


**Sonraí camchuairte gairid le fógairt gan mhoill | Short tour details to be announced shortly**



# Taispeántas Ealaíne Choláiste Feirste

## Coláiste Feirste Art Exhibition

Is mór an onóir dúinn gach bliain cuireadh a thabhairt d'ealaíontóirí óga díograiseacha Choláiste Feirste a gcuid ealaíne a chur ar taispeáint i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich. Tugann an taispeántas seo spléachadh dúinn ar shaol na n-óg sa cheantar agus ar na hábhair is mó atá mar inspioráid ag na hógánaigh seo. Is ócáid bhliantúil anois é an taispeántas seo a thugann ardán don tallann iontach atá i ranganna ealaíne Choláiste Feirste. Tá píosaí ealaíne ó scoláirí A-Leibhéil agus TGM ar taispeáint sa Dánlann agus tá ardchaighdeán oibre le feiceáil thar réimsí éagsúla. Is mó an lúcháir atá orainn i mbliana, go háirithe, ceiliúradh a dhéanamh ar chumas ealaíne ar leith an phobail áitiúil agus muid ag ceiliúradh 30 bliain den Chultúrlann, áit ar bunaíodh Meánscoil Feirste.




It is a privilege for us every year to invite young, dedicated artists from Coláiste Feirste to showcase their artwork in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. This exhibition gives us an insight into the young people in our community and the subjects that inspire them to create their art. This exhibition is now a yearly event which showcases the immense talent coming out of the Coláiste Feirste art room. The pieces will include pieces of art from A-Level and GCSE students across a range of mediums. We are especially delighted to celebrate the fantastic artistic ability in our community this year as we celebrate thirty years since Cultúrlann first opened and was the initial home of Meánscoil Feirste.

**07/10/21 - 25/11/21**
**Dánlann Dillon**

1991-2021
30
CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH








# Seoladh Leabhair:

## Bláth na dTulach

Díolaim scéalta Ultacha arna chur in eagar ag Réaltán Ní Leannáin agus arna fhoilsiú ag Eabhlóid a thugann léargas dúinn ar staid na scríbhneoireachta cruthaithí comhaimseartha. Tá idir ghreann agus ghruaim ann, idir ghol is gháire, nua is sean, scríbhneoirí óga is aosta.

An anthology of Ulster stories edited by Réaltán Ní Leannáin and published by Eabhlóid, Bláth na dTulach provides us with an insight into contemporary creative writing. This anthology explores a wide range of human emotions and conditions including mirth and melancholy, tears and laughter and the old and the new, from established and emerging writers.

**23/10/21**
**1:00pm**
**Cláraigh | Register:**
**https://culturlann.ticketsolve.com/shows**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

# Belfast International Arts Festival

## Kerri Ní Dhochartaigh & Cal Flynn

Tá an caidreamh idir daoine agus an dúlra mar théama don dá leabhar nua seo ó bheirt údar ardmholta arna léiriú mar chuid den 59ú Féile Idirnáisiúnta Ealaíon Bhéal Feirste.

The interaction between people and nature is the subject of two new books by these highly-praised writers, appearing as part of the 59th annual Belfast International Arts Festival.

**06/11/21**
**1:00pm**
**£6/7**
**Cláraigh | Register:**
**www.belfastinternationalartsfestival.com**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



## Maidir le Kerri Ní Dhochartaigh

Is meascán de bheathaisnéis, stair agus scríbhinní dúlra é 'Thin Places' le Kerri Ní Dhochartaigh. Díríonn sí ar an dóigh ar choinnigh an dúlra stuama í agus í ag fás aníos i nDoire, áit ar díbríodh a teaghlach as a dteach faoi dhó agus ar caitheadh buama peitril isteach ar fhuinneog a seomra leapa. Scríobhann sí faoin teorainn idir an bhochtaineacht agus an saibhreas, an foréigean agus an suaimhneas agus an bealach a chasann an dúlra orainn leath bealaigh. “Is píosa scríbhneoireachta ar leith é,” dar le Robert MacFarlane. Tá cónaí ar Kerri Ní Dhochartaigh in Éirinn.

Kerri Ní Dochartaigh's Thin Places is a blend of memoir, history and nature writing. It's about how nature kept her sane when she was growing up in Derry where her family was forced out of its home twice, and a petrol bomb was thrown through her bedroom window. She writes about the borders of poverty and wealth, violence and tranquillity, and how nature meets us halfway. Thin Places was called “a remarkable piece of writing” by Robert MacFarlane.
Kerri Ní Dhochartaigh lives in Ireland.



## Maidir le Cal Flyn

Is leabhar é 'Islands of Abandonment: Life in the Post-Human Landscape' le Cal Flyn faoi áiteanna tréigthe - idir bhailte tréigthe agus zóin eisiamh agus an rud a tharlaíonn nuair a ligtear don dúlra filleadh ar a thimpeallacht nádúrtha. Scríobhann Flyn faoi réimse áiteanna idir thithe ionradaithe Shearnóbail, na sráideanna tréigthe iarthionsclaíoch in Detroit agus réigiúin mhiandóireachta na hAlban. Is leabhar é a dhíríonn ar thionchar daonna ar an dúlra agus cad é a tharlaíonn i ndiaidh dúinn imeacht ar shlí na fírinne. Rinne The Times cur síos ar 'Islands of Abandonment' mar leabhar, "an-spéisiúil ar spreagadh intinne é." Tá cónaí ar Cal Flyn in Inse Orc.

Cal Flyn's 'Islands of Abandonment: Life in the Post-Human Landscape' is a book about abandoned places - from ghost towns to exclusion zones - and what happens when nature is allowed to reclaim its place. Flyn writes about places as varied as Chernobyl's irradiated homes, the derelict post-industrial streets of Detroit, and Scotland's mining regions. It's a book that asks about the human impact on nature and what happens after we're gone. Islands of Abandonment was called "fascinating and brain-energising" by The Times.
Cal Flyn lives on Orkney.



Arts Council of Northern Ireland
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
Airts Cooncil o Norlin Airlann

# Bailiúchán na Comhairle Ealaíne

## Arts Council Collection

Cuimsíonn an taispeántas tábhachtach seo réimse saothar ó Bhailiúchán na Comhairle Ealaíne a dhíríonn ar an éagsúlacht chultúrtha a bhreathnaítear trí chleachtas ealaíne, arna chur i gcrích i réimse meán. Déanann an taispeántas ceiliúradh ar éagsúlacht ealaíontóirí Thuaisceart Éireann agus cuimsíonn sé péintéireacht, grianghrafadóireacht, ceardaíocht, déanamh priontaí agus líníocht. Cuirtear ealaíontóirí atá ag tús a ngairmeacha agus ealaíontóirí níos seanbhunaithe i láthair sa rogha saothar seo.

This important exhibition features a range of works from the ACNI Collection, marking cultural diversity explored through artistic practice, executed in a range of media. The exhibition celebrates the diversity of Northern Ireland's artists and includes painting, photography, craft, printmaking and drawing. The selection of work showcases artists at the very beginning of their careers, to the more established.

**03/12/21 – 27/01/22**




# 2 - 5 Nollaig | 2 - 5 Dec

Bí linn do cheiliúradh Nollag na Ceathrún Gaeltachta le meascán iontach de cheol, ealaín, plé agus ceardaíocht do pháistí. Tá Fleadh Feirste á heagrú i gcomhar le heagraíochtaí eile as fud fad na Ceathrún Gaeltachta agus tá tuilleadh eolais le teacht. Coinnigh súil amach!

Join us for the Gaeltacht Quarter's festive celebration with a fantastic mix of music, art, discussion and children's crafts. Fleadh Feirste is organised in partnership with organisations throughout the Gaeltacht Quarter and more information is to come. Keep an eye out!




## Ranganna Gaeilge

Cuirfidh muid tús arís le téarma nua ranganna Gaeilge sa Chultúrlann. Cuirfear cúrsa 10 seachtaine ar fáil a chuimsíonn bunrang, meánrang agus rang comhrá. Tá táille £30 ar an chúrsa.

We will begin with a brand new term of Irish language classes. We will provide a 10 week long course which covers beginners, intermediate and a conversation class. There is a fee of £30 for the course.

**22/04/21**
**6.00pm (2x seisiún 40 bom | 2x 40 minute sessions)**
**10 seachtaine | 10 weeks**
**Saor in aisce | Free**

zoom



# Ranganna Amhránaíochta le Doimnic Mac Giolla Bhríde

## Singing Workshops with Doimnic Mac Giolla Bhríde

Tá ranganna amhránaíochta na Cultúrlainne ar na bacáin arís! Dírítear go príomha ar amhráin Ghaeilge ar an sean-nós arna gcóiriú ag Doimnic Mac Giolla Bhríde, an ceoltóir iomráiteach a bhfuil Corn Uí Riada bainte aige. Beidh na ranganna saor in aisce agus mairfidh an cúrsa 6 seachtaine.

The Cultúrlann singing classes are back! This class focuses primarily on the rich tradition of Sean-nós singing in Irish, prepared and delivered by the award winning singer, Doimnic Mac Giolla Bhríde. There are no fees for these classes, which will run for 6 weeks.

**16/09/21**
**7:00pm**
**Saorchead ach ní mór duit clárú | Free but booking is essential**
**Cláraigh | Register: https://culturlann.ticketsolve.com/shows/**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



# Íoga le Dunla
## Yoga with Dunla

Breathnaíonn an rang seo ar éagsúlachtaí difriúla struchtúir, feasachta, análaithe agus gluaiseachta. Tá an rang dátheangach seo foirfe do lucht bunleibhéil agus meánleibhéil araon.

This bilingual class explores different variations of structure, awareness, breathing and movement. Perfect for beginners and intermediate level.

**£4/£3 (Lacáiste/Discount)**
**Ag tosú | Beginning: 21/09/21**
**6:30pm**




# An Ciorcal Léitheoireachta

## Reading Circle

An maith leat a bheith ag léamh leabhair Ghaeilge? Ar mhaith leat bualadh le daoine agus dreas comhrá a dhéanamh ar leabhair? Más é sin an cás, déan teagmháil le Sinéad le clárú. Fáilte roimh achan duine.

Do you like to read? Would you like to meet other people and chat about books? If so, contact Sinéad to register. All welcome.

**27/09/21: Cur i gCéill le Celia de Fréine**
**Deireadh Fómhair | October: Inní le Réaltán Ní Leannáin**

**Cláraigh | Register: sinead@culturlann.ie**

# Na Meáin Shóisialta
## Social Media

Tá neart ábhar speisialta ar fáil ar na meáin shóisialta atá againn faoi láthair. Tabhair 'like' dúinn agus lean muid ar na hardáin éagsúla le go bhfeicfidh sibh an réimse siamsaíochta a chuireann muid ar fáil.

We are producing plenty of interesting material on our social media platforms at the minute. Please like and follow our pages to see the variety of material being produced to keep you entertained.

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

1991-2021

30

CULTÚRLANN

McADAM Ó FIAICH

CULTÚRLANN

McADAM Ó FIAICH

Arts Council of Northern Ireland
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
Airts Cooncil o Norlin Airlann

CISTE OIDHREACHTA
HERITAGE FUND

Foras na Gaeilge

Comhairle Chathair Bhéal Feirste

An Roinn Pobal